# Acmhainn nach bhfuil leas bainte aisti fós: Treoirphlean Comhdheartha i dtaca le Tacaíocht a thabhairt d’Iarrthóirí faoi Mhíchumas sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí


An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí
(publicjobs.ie)

agus

Tilting the Lens


Mí Eanáir 2024

# Réamhrá - Margaret McCabe

## Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí

Is í an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí (an tSCP), trí publicjobs.ie, an comhlacht earcaíochta lárnach don státseirbhís agus don tseirbhís phoiblí in Éirinn. Aithníonn muid agus tuigeann muid an tábhacht a bhaineann le lucht saothair a mhealladh ina bhfuil éagsúlacht le brath, atá solúbtha, acmhainneach agus a dhéanann machnamh ar na pobail ar a bhfreastalaíonn sé. Cuirfidh na scileanna éagsúla agus an réimse taithí seo an nuálaíocht, an chruthaitheacht, agus an táirgiúlacht a bheidh ag teastáil inár seirbhísí poiblí amach anseo chun cinn.

Faoi threoir na n-aidhmeanna a leagtar amach inár Straitéis Chomhionannais, Éagsúlachta agus Chuimsithe,[1] déanann muid ár ndícheall soláthar seirbhíse den chéad scoth a chur ar fáil dár gcliaint, modhanna agus deiseanna cothroma a chinntiú d'iarrthóirí ó chúlraí éagsúla agus a bhfuil scileanna agus taithí chuí acu, agus tacaíocht a thabhairt d'obair thras-Rialtais chun a chinntiú go dtugann lucht saothair na hearnála poiblí léargas ar an tsochaí, atá ag éirí níos éagsúla i gcónaí. I Straitéis Athchóirithe na Seirbhíse Poiblí, 2030,[2] (Crann Taca 2 - Lucht Saothair agus Eagraíocht na Todhchaí), leagtar amach fís an Rialtais i dtaca le "Seirbhís Phoiblí ionchuimsitheach, chomhtháite ar ardchaighdeán a sholáthar a fhreastalaíonn ar riachtanais mhuintir na hÉireann agus a chuireann feabhas ar shaol na ndaoine sin".

Coimisiúnaíodh an tionscadal seo, a bhfuil sé mar aidhm aige plean a chruthú i dtaca le socruithe réasúnta a chur ar fáil, le tacaíocht ó Chiste Nuálaíochta na Seirbhíse Poiblí de chuid na Roinne Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe (DPENDR).[3] Trí phróiseas ionchuimsitheach comhdheartha agus comhoibríoch, tá sé mar aidhm ag an tionscadal torthaí níos fearr a chinntiú d'iarrthóirí faoi Mhíchumas a bhfuil iarratais á gcur isteach acu trí publicjobs.ie ar róil inár n-earnáil státseirbhíse agus inár n-earnáil seirbhíse poiblí. Tá súil againn chomh maith go mbeidh muid in ann tacú le torthaí níos fearr dár gcliaint nuair a earcaíonn siad iarrthóirí faoi Mhíchumas i róil nua. Mar bhuille scoir, tabharfaidh an Straitéis tacaíocht dár bhfoirne earcaíochta atá ag obair chun seirbhísí earcaíochta níos fearr, níos ionchuimsithí agus níos éifeachtaí a chur ar fáil dár gcliaint agus dár n-iarrthóirí araon.

Léirigh athbhreithniú a rinneadh ar ár sonraí iarratais agus ceapacháin ó 2019 go dtí 2021 nár tháinig ach 2.8 faoin gcéad d'iarratais chugainn ó iarrthóirí a chuir in iúl go bhfuil siad

---

[1] Straitéis Chomhionannais, Éagsúlachta agus Chuimsithe na SCP: https://www.publicjobs.ie/documents/PASED&IStrategy2021-2023.pdf
[2] Seirbhísí Poiblí Níos Fearr - Straitéis Athchóirithe na Seirbhíse Poiblí, 2030 https://assets.gov.ie/256653/047da23b-990f-40ab-a15b-78216fefdbfb.pdf
[3] Ciste Nuálaíochta na hEarnála Poiblí https://www.gov.ie/en/press-release/d6b8a-minister-donohoe-announces-18-projects-to-be-funded-under-public-service-innovation-fund-2023/

faoi mhíchumas,[4] agus nach raibh tacaíocht ag teastáil ach ó chéatadán beag díobh i dtaca le socruithe réasúnta (teicneolaíocht chúnta le linn chéim an iarratais agus na measúnuithe, am sa bhreis d'agallaimh, scríobhaithe, léitheoirí, agus eile). Toisc go gcuireann muid tacaíocht i dtaca le hinrochtaineacht ar fáil le linn an phróisis earcaíochta trí na socruithe seo, chuir 2.6 faoin gcéad de na hiarrthóirí a ceapadh in iúl go bhfuil siad faoi mhíchumas. Tá sé soiléir go n-éiríonn go maith le cuid mhaith de na hiarrthóirí faoi Mhíchumas nuair a chuireann siad iarratas isteach agus nuair a fhaigheann siad tacaíocht chuí. Tá i bhfad níos mó oibre le déanamh chun daoine faoi Mhíchumas, lena scileanna agus lena dtaithí, a mhealladh i dtreo na seirbhíse poiblí.

Tá sé mar aidhm ag an tionscadal seo dul i ngleic leis an dúshlán a bhaineann lena chinntiú go gceaptar iarrthóirí faoi Mhíchumas sna róil chearta leis na socruithe cuí i ndiaidh dóibh dul trínár bpróiseas earcaíochta, agus go ndéanann na foirne AD agus na bainisteoirí áitiúla ionduchtú cuí leo.

Comhdhearadh an Treoirphlean seo maidir le hiarrthóiri faoi Mhíchumas a cheapadh agus a ionduchtú ar bhealach éifeachtach i gcomhar agus trí chomhoibriú le fostaithe faoi Mhíchumas agus le fostaithe nach bhfuil faoi Mhíchumas, le foirne AD áitiúla agus le bainisteoirí earcaithe sa státseirbhís agus san earnáil phoiblí agus le páirtithe leasmhara tábhachtacha.

Roinn saineolaithe seachtracha i réimse na hinrochtaineachta agus an chuimsithe tuairimí agus taithí linn chun treoir a thabhairt don tionscadal seo. Sa Treoirphlean, leagtar amach moltaí praiticiúla éagsúla agus cuirtear béim ar dhúshláin bheartais dona bhfuil gníomhú ag teastáil, ní hamháin don tSCP, ach do na heagraíochtaí, na foirne agus na daoine aonair sin atá ag obair chun lucht saothair a chruthú san earnáil phoiblí a thugann léargas ar éagsúlacht na tíre seo, tír ina gcuireann 22 faoin gcéad den daonra iomlán in iúl go bhfuil siad faoi mhíchumas.[5]

Tá muid an-bhuíoch de na daoine uilig a bhí flaithiúil lena gcuid ama agus fuinnimh agus de chuile dhuine a chuir leis an tionscadal seo. Obair an-dúshlánach a bhí i gceist, agus ba mhaith linn buíochas a ghabháil le chuile dhuine a roinn scéalta, taithí, agus tuairimí linn go flaithiúil agus a chabhraigh linn na moltaí atá ag teastáil chun tacú le hathruithe atá de dhíth a aithint.

D'éascaigh agus chuir foireann chomhairleoireachta faoi mhíchumas ó Tilting the Lens agus Blue Line Consulting an creat seo i dtaca leis an bPróiseas um Shocruithe Réasúnta (Ceapachán agus Ionduchtú) le chéile.

---

[4] Cé nach ndéanann an tSCP an earcaíocht uilig don státseirbhís agus don tseirbhís phoiblí, tá ról lárnach aici maidir leis na riachtanais a bhíonn ag na ranna rialtais (18 roinn), ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, ag An nGarda Síochána, agus ag 150 eagraíocht phoiblí i dtaca leis an lucht saothair a chomhlíonadh.

[5] Daonáireamh na bliana 2022, An Phríomh-Oifig Staidrimh: https://www.cso.ie/en/releasesandpublications/ep/p-cpsr/censusofpopulation2022-summaryresults/healthdisabilitycaringandvolunteering/

# Achoimre Fheidhmeach

De réir an Choimisiúin Eorpaigh, níl ach 32.6[6] faoin gcéad de na daoine faoi Mhíchumas in Éirinn agus sa Ghréig atá in aois fostaíochta agus atá in ann a bheith ag obair fostaithe. San Eastóin, tá 64.9 faoin gcéad de dhaoine faoi Mhíchumas fostaithe. Is é 38.6 faoin gcéad an figiúr atá i gceist i dtaca leis an mBearna Fostaíochta bunaithe ar Mhíchumas (DEG) in Éirinn,[7] .i. an bhearna idir líon na ndaoine faoi Mhíchumas atá fostaithe agus líon na ndaoine nach bhfuil faoi Mhíchumas atá fostaithe, an DEG is airde san AE. Tá an DEG is lú ar fáil san Iodáil; 14.9 faoin gcéad.

Mar thairseach earcaíochta lárnach don tseirbhís phoiblí, tá obair déanta ag an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí (publicjobs.ie) chun próisis agallaimh agus earcaíochta inrochtana a chruthú ina bhfuil deiseanna níos fearr do dhaoine faoi Mhíchumas in Éirinn deiseanna a thapú sa tseirbhís phoiblí agus sa státseirbhís. Táthar ag súil leis go spreagfaidh seo agus iarrachtaí eile níos mó iarrthóirí faoi Mhíchumas chun iarratas a chur isteach ar phoist san earnáil phoiblí de réir a chéile.

## Scóip an Tionscadail

Ba iad seo a leanas aidhmeanna an tionscadail seo:

- Feabhas a chur ar thaithí an iarrthóra agus an chliaint ar an bpróiseas ceapacháin agus ionduchtaithe do dhaoine faoi Mhíchumas a bhfuil socruithe réasúnta ag teastáil orthu atá ag teacht isteach san earnáil phoiblí nó dona bhfuil ardú céime chuig róil nua á thabhairt, trí mhodheolaíochtaí comhdheartha agus smaointeoireachta comhoibrithe a úsáid.
- Aistriú láidir eolais agus scileanna a chinntiú i dtaca le próiseas maidir le socruithe réasúnta atá inrochtana ag leibhéal uilíoch a chomhdhearadh agus a chruthú do pháirtithe leasmhara, ag baint leas as dea-chleachtas idirnáisiúnta ó eagraíochtaí san earnáil phoiblí i ndlínsí eile.

---

[6] An Coimisiún Eorpach, Tuairisc Tíre: Éire, 2022, Clár Seasmhachta na hÉireann 2022 European Semester: Country Reports - European Commission (europa.eu)

[7] Tuarascáil na hEorpa maidir le Cearta Daonna, 2023 - Fóram Míchumais na hEorpa https://www.edf-feph.org/content/uploads/2023/05/hr7_2023_press-accessible.pdf

- Pleanáil forfheidhmithe i dtaca le réitigh agus moltaí tábhachtacha a spreagadh agus tacú leis an bpleanáil seo chun dul i ngleic le constaicí córasacha i dtaca le rath.
- Dul i bhfeidhm ar Bheartas Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe (CÉ&C) a fhorbraítear sa státseirbhís agus sa tseirbhís phoiblí.
- Tacaíocht a thabhairt maidir le híos-sprioc an rialtais a bhaint amach, .i. 6 faoin gcéad fostaíochta do dhaoine faoi Mhíchumas sa státseirbhís agus san earnáil phoiblí in Éirinn roimh 2025.

## An Dúshlán

Is é 3 faoin gcéad, ar a laghad, an sprioc reachtúil fostaíochta do dhaoine faoi Mhíchumas san earnáil phoiblí faoi láthair. Ardóidh sé seo go dtí 4.5 faoin gcéad, ar a laghad, in 2024 agus go dtí 6 faoin gcéad, ar a laghad, in 2025.

De bharr nach bhfuil cur chuige seasmhach i bhfeidhm san earnáil phoiblí i dtaca le socruithe réasúnta a chur ar fáil do dhaoine faoi Mhíchumas, bhí drochthaithí ag roinnt mhaith daoine le linn an phróisis cheapacháin agus ionduchtaithe. Dá bharr seo, is minic a bhíonn ionchais ghairme ísle ag daoine faoi Mhíchumas, agus cuireann cuid mhaith acu srian lena n-uaillmhian i dtaca le dul chun cinn a dhéanamh agus i dtaca le cur lena róil go fadtéarmach. Rinne rannpháirtithe sa tionscadal seo cur síos ar an nithe seo a leanas:

- Rochtain shrianta in amanna ar fhoirgnimh, ar theicneolaíocht, ar rannpháirtíocht ghrúpa (m.sh. cruinnithe), agus ar dheiseanna i dtaca le hionduchtú agus dul ar aghaidh chuig an tréimhse phromhaidh.
- Easpa i dtaca le hobair fhiúntach a sholáthar i roinnt cásanna.
- Easpa tuisceana ar chúrsaí míchumais agus easpa chomhghuallaíochta.
- Easpa fadbhreathnaitheachta agus phleanála i dtaca le hionduchtú.
- In amanna, ní bhíonn eolas cuí ar fáil go pras.
- Easpa aistrithe eolaigh agus thacaithe idir an tSCP agus an Roinn nó an tSeirbhís chuí.

Chun tacú le hiarrthóirí faoi Mhíchumas a bhfuil socruithe ar leith uathu barr a gcumais a bhaint amach agus iad ag cur isteach ar phoist san earnáil phoiblí, ní mór roinnt príomhghnéithe a chur i bhfeidhm:

- Ní mór iarrthóirí a n-éiríonn leo a cheapadh i róil a thacaíonn leis na socruithe atá uathu.
- Ní mór aon socruithe atá ag teastáil uathu don phróiseas earcaíochta agus don phróiseas ionducthaithe ina n-ionad oibre nua a aithint agus dheimhniú ar bhealach pras, láidir, agus solúbtha, agus ní mor a thuiscint gur féidir le riachtanais a bheith luaineach.
- Ní mór próiseas pleanáilte ionduchtaithe agus oiliúna a chur i bhfeidhm a thacaíonn le hiarrthóirí barr a gcumais a bhaint amach le linn na tréimhse promhaidh.
- Ní mór treoir shoiléir a thabhairt d’earcaitheoirí agus do bhainisteoirí earcaithe a léiríonn go bhfuil riachtanais na n-iarrthóirí faoi Mhíchumas ag croílár an phróisis ar fad agus ag croílár na cumarsáide leanúnaí.

## Cúiseanna taobh thiar d’Athruithe

Tá sé mar aidhm ag Straitéis Athchóirithe na Seirbhíse Poiblí in Éirinn[8] soláthar Seirbhíse Poiblí atá ionchuimsitheach, comhtháite agus ar ardchaighdeán a chinntiú a fhreastalaíonn ar riachtanais agus a chuireann feabhas ar shaol mhuintir na hÉireann. Beidh lucht saothair na todhchaí oilte agus spreagtha, agus tabharfaidh forbairt ghairme dhinimiciúil, polasaithe forásacha agus cultúr san ionad oibre ina bhfuil an cuimsiú chun cinn tacaíocht dóibh—beidh an t-ionad oibre seo do chuile dhuine.

Tugann Ciste Nuálaíochta na Seirbhíse Poiblí, a bhfuil sé mar aidhm aige tacú le nuálaíocht i dtaca le seirbhísí poiblí a fhorbairt agus a sholáthar,[9] tacaíocht do chur i bhfeidhm na Straitéise Athchóirithe. Bhunaigh agus reáchtálann an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe (DPENDR) an ciste.

## Faoi Mhíchumas de bharr an Deartha

In 2019, rinne an Chúirt Uachtarach cinneadh cinniúnach sa chás Daly in aghaidh Nano Nagle,[10] inar leagadh amach moltaí i dtaca le cur chuige na hÉireann maidir le tacaíocht a thabhairt do dhaoine faoi Mhíchumas san ionad oibre, i dtaca le huasdátú a dhéanamh ar an gcaoi a dtuigtear an míchumas in Éirinn, agus a thug le fios nach mór don Stát bogadh i dtreo na modhanna sóisialta agus na modhanna atá bunaithe ar chearta a leantar san Eoraip, sna Stáit Aontaithe, agus i dtíortha eile, agus i dtreo an tsainmhínithe ar an míchumas a chuireann an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte chun cinn.[11]

D'iarr an cinneadh sin ar fhostaithe a bpróiseas smaointeoireachta a athrú, agus a thuiscint gurb í inrochtaineacht nó easpa inrochtaineachta an ionaid oibre nó na timpeallachta fisiciúla a chuireann daoine faoi mhíchumas, agus nach féidir cumas an duine post a dhéanamh a mheas go dtí go bhfuil socruithe réasúnta ar fáil d'fhostaí faoi Mhíchumas.

## Modheolaíocht

Forbraíodh an creat agus na moltaí sa cháipéis seo trí úsáid a bhaint as modheolaiochtaí comhdheartha agus comhoibríocha. Chun torthaí cothroma, éagsúla agus ionchuimsitheacha a chinntiú, roinn na daoine is mó a mbíonn tionchar ag céim an cheapacháin agus ag céim an ionduchtaithe orthu cumhacht, trí úsáid a bhaint as comhrá leanúnach agus atriallach chun moltaí a chur le chéile, a thástáil agus a dheimhniú.

---

[8] Gov.ie, Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí, 2030 https://assets.gov.ie/256653/047da23b-990f-40ab-a15b-78216fefdbfb.pdf
[9] Ciste Nuálaíochta na Seirbhíse Poiblí gov - Better Public Services: Funding Supports (www.gov.ie)
[10] Nano Nagle v. Daly [2019] IESC 63 https://www.ihrec.ie/supreme-court-significantly-clarifies-rights-of-persons-with-disabilities-to-reasonable-workplace-accommodation/
[11] Sainmhíniú na hEagraíochta Domhanda Sláinte ar an míchumas https://www.who.int/health-topics/disability#tab=tab_1

Bhí os cionn 100 duine páirteach sa phróiseas, trí pháirt a ghlacadh sna réimsí seo a leanas:

| Grúpa | Cruinnithe | Seisiún Idéú | Ceardlann Dearbhaithe |
|---|---|---|---|
| **Grúpa na gCliant agus na bPáirtithe Leasmhara** | 3 | 1 | |
| **Grúpa Comhairleach Seachtrach** | 3 | 1 | |
| **Grúpa d'Fhostaithe faoi Mhíchumas** | | 1 | 1 |
| **Grúpa do Dhaoine faoi Mhíchumas nach raibh ina bhFostaithe** | | 1 | |
| **Oifigigh Teagmhála Mhíchumais** | 1 | | |

Cuireadh cruinnithe duine le duine ar siúl chomh maith le daoine ó eagraíochtaí státseirbhíse agus seirbhíse poiblí, le fostaithe faoi Mhíchumas ón earnáil phoiblí agus phríobháideach, le hEagraíochtaí a dhéanann Ionadaíocht do Dhaoine faoi Mhíchumas (DPROanna), le heagraíochta tacaíochta, le ceardchumainn, agus le páirtithe leasmhara.

Bhí na réimsí seo a leanas i gceist i dtreoracha agus i bpríomhchonair an tionscadail:
- athbhreithniú ar bhonn fianaise na SCP;
- teagmháil le páirtithe leasmhara trí agallaimh chun eolas a fháil faoi phróisis, dhúshláin, agus chleachtas reatha;
- seisiúin ghrúpa atriallacha chun moltaí a thacódh le hathruithe a fhorbairt;
- agus eolas a roinnt.

## An Aidhm

Is iad seo a leanas na haidhmeanna fadtéarmacha i dtaca le torthaí na hoibre seo:
- go mbeidh bainisteoirí earcaithe in ann glacadh le ceapachán d'fhostaithe faoi Mhíchumas ar bhealach níos fearr;
- go bhforbróidh muid sábháilteacht síceolaíochta agus go méadóidh muid muinín i dtaca le riachtanais a aithint nó a chur in iúl gan a bheith buartha faoi leithcheal nó stiogma;
- go mbainfidh fosaithe faoi Mhíchumas ina seirbhísí barr a gcumais amach, agus go gcuirfear buntáistí chun cinn i dtaca le seirbhísí poiblí a sholáthar ar bhealach ionchuimsitheach ar fud na tíre;
- go mbainfidh muid leas as taithí luachmhar nach bhfuil leas bainte aisti go fóill in Éirinn;
- go gcinnteoidh muid go seasfaidh na seirbhísí a thacaíonn le daoine atá nó a bheidh faoi mhíchumas le linn a saoil oibre, go sealadach nó go buan, an aimsir.

## Creat – Bunphrionsabail an Athraithe

Tá sé mar aidhm ag an tionscadal seo forbairt a dhéanamh ar mhodhanna reatha dea-chleachtais agus prótacail. Díríonn sé ar athruithe dearfacha ar an bpróiseas ceapacháin agus ionduchtaithe d'earcaithe nua faoi Mhíchumas sa tseirbhís phoiblí agus sa státseirbhís,

ag bogadh i treo bairr feabhais. Rud atá an-tábhachtach, beidh dea-thionchar níos leithne ag an athrú. Beidh na príomhthascanna seo a leanas i gceist:

- Tuiscint a fhorbairt, inrochtaineacht a chur chun cinn
- Teanga a uasdátú, meon a uasdátú
- An reachtaíocht chuí a thuiscint agus a chur i bhfeidhm
- Tús áite a thabhairt d'eolas ionchuimsitheach agus do chumarsáid inrochtana
- Bonn fianaise atá bunaithe ar shonraí a fhorbairt
- Próisis ionchuimsitheacha a chruthú chun bród a spreagadh.

## Moltaí

Dearadh na moltaí seo chun cabhrú le forais phoiblí bearta a chur i bhfeidhm agus a thuairisciú chun athruithe dearfacha fadtéarmacha a chur i bhfeidhm i réimse an cheapacháin agus an ionduchtaithe. Scaipfidh na hathruithe seo agus beidh buntáistí le brath i ngach gné a bhaineann le fostaíocht a mhéadú agus dul chun cinn rathúil do dhaoine faoi Mhíchumas san earnáil phoiblí.

Is féidir moltaí 2, 3, 4 agus 7 a chur i bhfeidhm go sciobtha, agus is féidir leas a bhaint astu chun athruithe iompair agus cultúrtha a spreagadh go sciobtha sna seirbhísí, rud a mhéadóidh tuiscint ar an Míchumas agus a mbeidh dea-thionchar aige ar thaithí na gceapaithe faoi Mhíchumas sa tseirbhís.  Déantar na moltaí a liostú faoi na teidil seo a leanas: Daoine agus Cultúr, Próisis agus Córais, agus Rialachas agus Beartas.

## Daoine agus Cultúr

1. **Grúpa um Acmhainní d'Fhostaithe faoi Mhíchumas** (DERG) a chur le chéile, a léiríonn an taithí a bhíonn ag daoine ar an Míchumas chun tacú le cur i bhfeidhm na moltaí uilig sa Treoirphlean seo agus chun a chinntiú go bhfuil guthanna agus taithí saoil ag croílár an phróisis, de réir mar a dhéanann muid forbairt ar sholáthar socruithe réasúnta (RA) i bpróisis cheapacháin agus ionduchtaithe agus le linn gairmeacha.

2. **Tacadóir Tacaíochta Míchumais** (DSC) a cheapadh do na seirbhísí poiblí, a bheidh ar fáil chun tacú leis an tSCP, le hOifigigh Teagmhála Míchumais (DLOanna), nó daoine i bpoist ar aon chéim leis seo, agus le bainisteoirí earcaithe maidir le hiarrthóirí a cheapadh agus a ionduchtú, agus maidir le rochtain a chur ar fáil ar shaineolas níos leithne do na hoifigí Sláinte Ceirde. Ina theannta sin, aithneoidh agus baileoidh an DSC samplaí de dhea-chleachtas, tacóidh siad le cásanna a dhéanamh in eagraíochtaí earcaithe, forbróidh siad muinín agus tuiscint agus spreagfaidh siad díograis, freagracht agus feiceálacht. A luaithe is a reáchtáiltear an ról ar bhonn píolótach, is féidir go bhforbrófar foireann níos leithne, de réir mar a thagann méadú ar líon na gceapachán rathúil.
   *Is féidir an moladh seo a chur i bhfeidhm go sciobtha.

3. **Oiliúint chuí ar ardchaighdeán** a choimisiunú agus a chur ar fáil do gach foireann seirbhíse sa státseirbhís agus sa tseirbhís phoiblí chun tuiscint ar an míchumas a fheabhsú agus chun na scileanna atá ag teastáil chun tacaíocht agus oiliúint a chur ar fáil do bhaill foirne faoi Mhíchumas a chur i bhfeidhm.
*Is féidir an moladh seo a chur i bhfeidhm go sciobtha.

## Próisis agus Córais

4. **Cumarsáid agus pleanáil inrochtana do phróisis cheapacháin agus ionduchtaithe** a chinntiú, agus **bailiú sonraí** a uasdátú agus a chur i bhfeidhm. Tabharfaidh sé seo tacaíocht d'iarrthóirí atá ag fanacht le ceapachán, bainfidh sé an leas is fearr as torthaí i bpróisis socrúcháin/cheapacháin, agus cabhróidh sé leo barr a gcumais a bhaint amach ina róil nua. Cinnteoidh sé chomh maith rianú agus tuiscint ar iarratais ar Shocruithe Réasúnta agus ar sholáthar Socruithe Réasunta, mar aon leis an dul chun cinn a dhéanann daoine faoi Mhíchumas trí sheirbhísí agus trína ngairmeacha.
*Is féidir an moladh seo a chur i bhfeidhm go sciobtha.

5. **An córas fála acmhainní do ról an DLO (nó ról ar aon chéim leis seo) a ghairmiúlú agus athbhreithniú a dhéanamh ar an gcóras seo** i dtaca le ról lánaimseartha a dhéanamh de, dona bhfuil cur síos atá bunaithe ar scileanna, lena n-áirítear treoracha níos leithne i dtaca le Cuimsiú agus le hInrochtaineacht chun tacaíocht níos fearr a chinntiú d'fhostaithe faoi Mhíchumas agus a bhfoirne sna seirbhísí éagsúla.

6. **Saineolas sna teicneolaíochtaí oiriúnaitheacha a fhorbairt sna seirbhísí** agus díriú ar phríomhshruthú sna seirbhísí chun fadhbanna leanúnachais a réiteach, inrochtaineacht a chinntiú d'fhostaithe faoi Mhíchumas le linn an ionduchtaithe, agus seasmhacht a chinntiú i dtaca le Socruithe Réasúnta má bhogann siad trí phróiseas Gluaiseachta nó trí ardú céime. Tá sé fíorthábhachtach go dtugann foirne TF tacaíocht don teicneolaíocht chúnta agus go dtuigeann siad an teicneolaíocht seo, de réir mar a dhéanann siad uasghrádú ar chórais agus de réir mar a chinntíonn siad cibearshlándáil leanúnach; ba chóir tús áite a thabhairt, mar sin, do phríomhcheannairí agus do shaineolaithe a aithint do **Thascfhórsa um Theicneolaíocht Chúnta (ATT)**, ar a mbeidh ionadaithe ón na seirbhísí uilig. Aithneoidh an ATT dea-chleachtas agus déanfaidh siad cás ar son acmhainní a rollfar amach sna seirbhísí uilig, agus aithneoidh siad deiseanna chun teicneolaíocht chúnta néil a chur ar fáil do chuile dhuine.

## Rialachas agus Beartas

Cé go mbeidh dea-thionchar ag na moltaí seo a leanas ar phróisis cheapacháin agus ionduchtaithe mar thoradh fadtéarmach, díríonn siad ar athruithe córasacha níos leithne sa státseirbhís agus san earnáil phoiblí.

7. Iarraidh ar gach eagraíocht **Foireann Socruithe Réasúnta** (RATeam) a chur le chéile, ar a mbeidh DLO nó duine i bpost ar aon chéim leis seo, baill foirne TF, Sláinte agus Sábháilteachta, Saoráidí, AD agus Foghlama agus Forbartha, ceannairí eagraíochta agus bainisteoirí tábhachtacha earcaithe. Cuirfidh na foirne saineolas agus réitigh atá á bhforbairt i láthair ag leibhéal lárnach (trí ATT, DERG, Ghréasán na DLOanna srl.), réiteoidh siad fadhbanna áitiúla a bhaineann le Socruithe Réasúnta, agus déanfaidh siad bainistíocht ar bhunachar ina mbeidh eolas faoi réitigh a cuireadh i bhfeidhm.
   *Is féidir an moladh seo a chur i bhfeidhm go sciobtha.

8. Luaigh rannpháirtithe arís agus arís eile go bhfuil an sainmhíniú ar an míchumas i mbeartas agus reachtaíocht na hÉireann achrannach agus nach dtagann sé leis na treoracha i gcinneadh na Cúirte Uachtaraí, 2019, go gcuireann a dtimpeallacht daoine faoi mhíchumas, seachas a gcoirp. Nuair a chuirtear tús leis an obair atá ag teastáil chun **na sainmhínithe ar an míchumas sa dlí a nuashonrú**, m.sh. na sainmhínithe san Acht um Mhíchumas (2005), spreagfar bainisteoirí earcaithe agus daoine faoi Mhíchumas iad féin chun an coincheap go bhfuil daoine faoi Mhíchumas "srianta i dtaca le gairm, gnó nó post a bheith acu sa Stát...de bharr mallachair leanúnaigh fhisiciúil, chéadfaigh, mheabhairshláinte nó intleachta" a athrú.[12] Cruthaíonn an coincheap seo céimlathas míchumais nach bhfuil gá leis, ina gceaptar nach bhfuil daoine ar leith faoi mhíchumas 'mór go leor'—agus nach bhfuil siad i dteideal tacaíochta atá ag teastáil chun páirt a ghlacadh sa lucht saothair dá bharr—agus a laghdaíonn an fonn a bhíonn ar dhaoine a chur in iúl go bhfuil siad faoi Mhíchumas ar eagla go laghdaítear na deiseanna a fhaigheann siad.

9. Cás gnó a fhorbairt chun **Ionad Bairr Feabhais a bhunú**, ina ndírítear ar an inrochtaineacht agus ar an gcuimsiú, chun tacú le méadú, forbairt agus soláthar socruithe réasúnta sna seirbhísí uilig, chun tacaíocht a thabhairt do níos mó daoine gairmeacha rathúla a bhaint amach dóibh féin. Beidh an tIonad ann chun torthaí agus obair an ATT agus na RATeams agus a n-acmhainní a chur le chéile agus rochtain a chur ar fáil ar na torthaí seo, chun tacú le agus taighde a dhéanamh ar na riachtanais a bhíonn ag daoine sna seirbhísí agus chun na riachtanais seo a chur chun cinn. Déanfaidh sé iarracht chomh maith tuiscint a fháil ar na bearnaí agus beidh siad nuálach i dtaca le fadhbanna a réiteach, agus réitigh a chur ar fáil chun a chinntiú go n-éiríonn le daoine faoi Mhíchumas agus pobail eile imeallaithe ina ngairmeacha. Tríd an obair seo, tabharfaidh an tIonad tacaíocht i dtaca le seirbhísí poiblí den chéad scoth a chruthú do chuile dhuine.

## Ag Cur Tús le Cur i bhFeidhm na Moltaí

Caithfidh muid glacadh leis nach bhfuil gach rud ar eolas againn. De bharr na gcomhráite oscailte a bhí ar siúl le linn an tionscadail seo, cuireadh go mór le dearcadh chuile dhuine a

[12] An tAcht um Mhíchumas, Reachtaíocht na hÉireann
https://www.irishstatutebook.ie/eli/2005/act/14/section/2/enacted/en/html

ghlac páirt maidir le scála na ndúshlán a bhíonn roimh dhaoine faoi Mhíchumas i saol na hoibre—agus san earnáil phoiblí go háirithe—mar aon leis na dúshláin a bhíonn roimh fhostóirí ar mhaith leo tacú le daoine faoi Mhíchumas agus daoine faoi Mhíchumas a earcú.

Tá sé fíorthábhachtach na coinníollacha a thacaíonn le hathrú meoin san earnáil agus, dá bharr, sa tsochaí i gcoitinne a fhorbairt chun saol oibre na ndaoine faoi Mhíchumas agus na deiseanna oibre a fhaigheann siad a fheabhsú, aidhm a leagtar amach in Acht Inrochtaineachta an AE.[13] Ba chóir tús a chur leis an obair atá ag teastáil chun an creat agus na moltaí ón bpróiseas seo a chur i bhfeidhm trí na rudaí a foghlaimíodh a scaipeadh in eagraíochtaí sna hearnálacha, agus trí na heagraíochtaí seo a spreagadh chun conair a phleanáil i dtaca le cur i bhfeidhm na moltaí.

Cuirfear tús le comhráite le DPENDR, leis an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige agus leis an tSCP chun na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- na moltaí a phlé;
- bearta a chomhaontú;
- réimsí cúraim a dháileadh de réir straitéise agus beartais;
- pleananna oibre agus slata tomhais a leagan amach;
- tionscadail ar chóir iad a reáchtáil ar bhonn píolótach a aithint in 2024, le tacaíocht ó Chiste Nuálaíochta na Seirbhíse Poiblí más cuí.

Bainfidh na bearta úsaid as Prionsabail Deartha an Phlean Ghnímh um Sheirbhísí Poiblí Níos Fearr a Dhearadh in Éirinn.[14]

Táthar ag súil leis go gcuirfear leis na sonraí faoi fhostaíocht agus faoi dhaoine faoi Mhíchumas a ndéantar taifeadadh orthu gach bliain trí mhonatóireacht a dhéanamh ar thorthaí agus trí thorthaí a thomhas, agus trí shocruithe réasúnta a chur ar fáil. Cabhróidh sé seo i dtaca le freagracht a chur chun cinn i ranna agus in eagraíochtaí.

---

[13] Acht Inrochtaineachta an AE An Gníomh Eorpach maidir le hInrochtaineacht - Fostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Cuimsiú - An Coimisiún Eorpach (europa.eu)

[14] Plean Gnímh Rialtas na hÉireann um Sheirbhísí Poiblí Níos Fearr a Dhearadh in Éirinn 256653_047da23b-990f-40ab-a15b-78216fefdbfb (7).pdf